



# ‘Eaglais gan Teorainn, Máthair Uilíoch’

---

Pacáiste Acmhainní Imirce don Pharóiste

---

Nollaig 2014  
agus

101ú Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach 18 Eanáir 2015

## FORLÍONADH DO NUACHTLITIR AN PHARÓISTE

Tarlaíonn an **101ú Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach** ar an 18 Eanáir 2015. Sa teachtaireacht thréadach a d'eisigh An Pápa Proinsias don ócáid speisialta seo i bhféilire na hEaglaise cuireann sé i gcuimhne dúinn go raibh Íosa go mór ar thaobh an strainséir agus an díbeartaigh. Dúirt sé go mbíonn Íosa Críost ullamh le go n-aithneofaí é i measc na n-imirceach agus na dteifeach, sa duine easáitithe, sa deoraí, agus iarann sé orainn ár gcuid a roinnt leo, nó cuid dár maoin féin a thabhairt suas dóibh.

Is ar an lá seo a iarrtar orainn ár bpaidreacha a rá ar son na ndaoine a d'fhág an tír seo, agus ar son na ndaoine a tháinig chugainn sa pharóiste seo, ó thíortha thar lear.

Cuimhnimis ach go háirithe orthusan a rinne aistear lán d'eagla, de scéin, a d'fhulaing naimhdeas toisc gur imircigh a bhí iontu. Cuimhnimis chomh maith ar an mhuintir aosta Éireannach sa Bhreatain, ar na daoine gan cháipéisí inimirce sna Stáit Aontaithe, agus ar phríosúnaithe Éireannacha atá gafa thar lear.

Inár dtír féin, tugaimid chun cuimhne, na daoine sin a fhulaingíonn ón ngáinneáil, ón gciníochas, agus cuimhnimid orthusan a mhaireann faoin gcóras soláthar díreach.

Ba mhaith an rud é dlúthpháirtíocht spioradálta a léiriú i dtreo na ndaoine seo, bídís ar imirce sa bhaile nó as baile. Go mbeidh solás agus tearmann ar fáil dóibh i measc an phobail seo agus sa pharóiste.

## ÁBHAR

|                                                                                                           |       |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------|
| Teachtaireacht ón Easpag Raymond Field agus ón Easpag John Kirby .....                                    | 3     |
| Staitistic Imirce .....                                                                                   | 4–5   |
| Teachtaireacht an Phápa Proinsias<br>ar an 101ú Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach (2015) ..... | 6     |
| Paidir d'Imircigh .....                                                                                   | 8     |
| Póstaer Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach. ....                                                | 10–11 |
| Guí an Phobai .....                                                                                       | 13    |
| Nollaig 2014 – Nótaí Aithisc .....                                                                        | 14    |
| Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach, 18 Eanáir 2015 –<br>Nótaí Aithisc .....                     | 15    |
| Conas Smaoineamh ar Imircigh um Nollaig agus ar<br>Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach .....     | 16    |
| Sláinte Intinne agus Imirce .....                                                                         | 17    |
| Machnamh .....                                                                                            | 19    |

## TEACHTAIREACHT ÓN EASPAG RAYMOND FIELD AGUS ÓN EASPAG JOHN KIRBY

*A Phobal Dé,*

Nuair a bhíonn an Nollaig agus an 101ú Lá Domhanda na n-Imirceach agus na dTeifeach, ar an Domhnach, 18 Eanáir, 2015 á cheiliúradh againn, is tábhachtach an rud é go dtiocfaimis le chéile, le go ndéanfaimis machnamh air, agus guí ar son na ndaoine sin a d'imigh i bhfad óna dtíortha féin agus saol faoi bhláth á lorg acu.

Sa teachtaireacht darb ainm, **'Eaglais gan Teorainn, Máthair Uilíoch**, cuireann An Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn go raibh Íosa go mór ar thaobh an strainséir agus an díbeartaigh. Dúirt sé go mbíonn Íosa Críost ullamh le go n-aithneofaí é i measc na n-imirceach agus na dteifeach, sa duine easáitithe, sa deoraí, agus iarann sé orainn ár gcuid a roinnt leo, nó cuid dár maoin féin a thabhairt suas dóibh.


Is sainchomhartha de phontaifeacht An Phápa Proinsias é, cás na n-imirceach. Labhraíonn sé amach go minic ar a son, ar dhomhandú an neamhshuim a léirítear ina leith, agus leagann sé béim go rialta ar an mbealach ina bhfágann na céadta mílte duine an áit dúchais, lán de mhianta is d'eagla, ar aistear baolach an dóchais go mbeidh saol daonnachtúil feabhsaithe rompu. Deir sé gur riachtanach an rud é gach iarracht a dhéanamh le go mbeadh dínit agus lár ionad an dhuine daonna á chosaint, ionas go spreagfar dlúthpháirtíocht agus caidreamh i measc daoine.

Bíonn lear mór Éireannach ag fágáil na tíre i gcónaí, agus deiseanna úra á lorg acu. Cé go mbíonn bearnaí suntasacha fágtha i measc teaghlaigh agus i measc paróistí ina ndiaidh, is fíor gur tháinig na mílte inimirceach chuig bailte agus paróistí na tíre ó thíortha thar lear, le háit a ghlacadh i measc an phobail agus an aidhm a bheadh rompu ná saol úr lán de dheiseanna agus de dhóchas a chruthú dóibh féin. Is minic go mbraitheann na himircigh agus a muintir chomh maith, as áit sa timpeallacht nua seo. Baineann strus mothúcháinach agus strus intinne leis an athrú saoil seo.


Is fíor go bhfuil deacrachtaí sláinte intinne nach ndéantar trácht orthu mórán, ag goilleadh ar go leor den phobal imirceach. Tá súil againn go gcabhróidh an pacáiste acmhainní libh maidir leis an scéal seo a thabhairt chun solais, nach mbeidh sé imeallach, ach go leagfar béim sa phobal ar chaidreamh a dhéanamh leis na daoine seo, ionas go gcuirfear tacaíocht, comhbhá agus tearmann i measc an chomhluidair agus sa pharóiste dóibh.

Ba mhaith linn go ndéanfadh sibh gach iarracht na hacmhainní seo a úsáid maidir le lámh chunta a thabhairt don phobal ó thaobh topaic thábhachtach mar seo a phlé. Más féidir leis an gComhairle d'Imircigh, nó an Chomhairle d'Inimircigh cabhair a chur ar fáil daoibh san obair thábhachtach seo, ní gá daoibh ach dul i dteagmháil leis an oifig i Maigh Nuad, agus is féidir cuairt a thabhairt ar na suímh seo chomh maith: [www.catholicbishops.ie/lemigrants](http://www.catholicbishops.ie/lemigrants) agus [www.catholicbishops.ie/immigrants](http://www.catholicbishops.ie/immigrants).

*Críost linn.*



An tEaspag Raymond Field  
Cathaoirleach  
Comhairle Easpag Éireann d'Inimircigh




An tEaspag John Kirby  
Cathaoirleach  
Comhairle Easpag Éireann d'Imircigh


# IMIRCE IN ÉIRINN (i mílte)



Cé atá ag teacht chun na hÉireann?  
2014 Inimirce Mheasta  
de réir Náisiúnachais




Cé atá ag fágáil na hÉireann?  
2014 Imirce Mheasta  
de réir Náisiúnachais



EU 15: An Bheilg, An Danmhairg, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, Éire, An Iodáil, Lucsamburg, An Ísiltír, An Phortaingéil, An Spáinn, An Ríocht Aontaithe, An Ostair, An Fhionlainn agus an tSualainn.  
EU 13: An Chipir, An Phoblacht Sheiceach, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Bhulgáir, An Rómáin, An Chróit.

Foinse: CSO 2014



Sa Bhliain  
2014 ...

*Tháinig laghdú 20%  
i líon na nÉireannach a  
d'fhág an tír ó 50,900 duine  
go 40,700*

*D'fhill 11,600 Éireannach  
ón iasacht, sin laghdú  
ó 15,700 na bliana  
roimh sin*

*Tháinig méadú don dara  
bhliain as a chéile i líon glan  
na ndaoine nach Éireannacha  
iad a tháinig chun na tíre  
ó 2,100 go 7,900*

*Tháinig laghdú 20%  
i líon na nÉireannach  
a d'fhág an tír ó 50,900 duine  
go 40,700*

Rinneadh 854 iarratas ar  
dhearbhú bheith mar  
dídeanach in Éirinn



## Eaglais gan Teorainn, Máthair Uilíoch

*A Dheartháireacha is a Dheirfiúracha Ionúin,*

Is é Íosa an soiscéalaí *par excellence* agus an Soiscéal mar dhuine fíréanta. (*Evangelii Gaudium*, 209). An deithide a léirigh sé i leith na mbocht agus i leith na ndaoine imeallacha, cuireann sé dúshlán romhainn aire a thabhairt do na daoine is laige inár measc, agus aghaidh cráite Chríost a aithint i measc na ndaoine a fhulaingíonn, a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht agus ar sclábhaíocht na linne seo. Deir an Tiarna: 'Óir bhí ocras orm agus thug sibh rud le hithe dom, bhí tart orm agus thug sibh rud le hól dom, bhí mé i mo strainséir agus thug sibh aíocht dom, bhí mé nocht agus chuir sibh éadach orm, bhí mé tinn agus tháinig sibh do m'fheiceáil, bhí mé i bpríosún agus thug sibh cuairt orm.' (Matha 25:35-36). Is é misean na hEaglaise, Eaglais atá mar oilithreach ar domhan í féin, agus Máthair Uilíoch, grá a thabhairt d'Íosa Críost, agus é a adhradh ach go háirithe i measc na ndaoine is boichte, gan seilbh. Áirítear na teifigh is na himircigh ina measc siúd, daoine atá ag iarraidh éalú ón daoirse agus ó gach sórt cos ar bolg. Is dá bharr san ar chinneamar ar théama: *Eaglais gan Teorainn, Máthair Uilíoch* a chur le Lá Domhanda na n-Imirceach is na dTeifeach.

Cuireann an Eaglais, fáilte chroíúil roimh chách, gan teorainn, gan cheist, gan idirdhealú a dhéanamh, le tabhairt le fios: 'is é Dia an Grá'. (1 Eoin 4:8,16). I ndiaidh báis agus aiséirí dó, d'iarr Íosa ar na deisceabail go mbeidís mar fhinnéithe dó, thug sé an misean dóibh dul amach agus Soiscéal an ghrá agus na trócaire a chraobhscaoileadh. D'fhág na deisceabail an seomra uachtarach ar Dhomhnach Cincise lán de neart agus de chrógacht. Fuair grásta an Spioraid an lámh in uachtar ar aon amhras nó éiginnteacht a bheadh orthu agus thuig na daoine a bhí ag éisteacht leo gach a ndúradh ina dteanga féin. Is léir gur fheidhmigh an Eaglais ó thús mar mháthair a d'oscail a lámha is a croí le fáilte a chur roimh an domhan uile, gan cheist, gan teorainn. Leanann an misean seo le dhá mhíle bliain anuas. Sna céadta luatha, thug forógra an mhisin seo le fios gur bhain máithreachas uilíoch leis an Eaglais, agus rinneadh forleathnú ar an téama seo i measc scríbhinní Aithreacha na hEaglaise, agus a bhí go mór faoi chaibidil ag an Dara Comhairle Vatacánach. In *Ecclesia Mater* rinne Aithreacha an Chomhairle nádúr na hEaglaise a mhíniú. Gineann sí mic is iníonacha, glacann sí chuici féin iad agus tugann sí iomlán grá agus aire dóibh. (*Lumen Gentium*, 14).

Déanann an Eaglais gan teorainn, an Máthair Uilíoch, cultúr na dlúthpháirtíochta a scaipeadh ar domhan, glacadh le daoine de réir mar atá siad, ag tabhairt le fios nach ceart neamhaird a dhéanamh, nó beag is fiú a dhéanamh, go mbaineann tábhacht leis an uile dhuine againn. Nuair a chuireann an Eaglais máithreachas den chineál seo ar fáil go cumasach, cothaíonn an pobal Críostaí an comhlúadar, agus tugann treoir, cabhair fhoighneach agus aire do dhaoine ar bhealach spioradálta, trí oibreacha na trócaire.

Tá tábhacht nach beag leis an gcur chuige seo i saol an lae inniu. Tá lear mór daoine ag gluaiseacht mar imircigh, ag fágáil baile go faiteach ach le dóchas, ag iarraidh saol feabhsaithe a chruthú dóibh féin, ag éalú ón mbochtaineacht agus ón leatrom. Uaireanta bíonn amhras ar dhaoine roimh na himircigh seo, léirítear naimhdeas ina leith fiú i measc Chríostaithe, sula gcuirtear aithne orthu, nó ar an stair a bhaineann leo, nó sula luaitear an bhochtaineacht agus an ghéarleanúint a d'fhulaingíodar. I gcásanna mar seo, bíonn coimhlint ann idir an t-amhras agus an claonadh ina leith, agus treoir an Bhíobla maidir le fáilte mheasúil a chur roimh strainséirí gátaracha agus comhbhá a léiriú leo.

Ar an lámh eile de, ba mhaith linn déileáil go coinsiasach le hanró seo an tsaoil, agus aithne an ghrá a chuir Íosa romhainn nuair a thug sé féin aire don strainséir, don duine a fhulaingíonn, d'íospartaigh an fhoréigin is an dúshaothraithe, a chur i bhfeidhm. Toisc gur lag an chine dhaonna áfach, bíonn claonadh ann feidhmiú mar Chríostaí ar athlámh, gan déileáil go díreach le páis Chríost ar domhan. (*Evangelii Gaudium*, 270).

Má bhíonn neart an dóchais, an ghrá agus an chreidimh ionainn, beidh ar ár gcumas dul i ngleic le tragóid dhaonna seo na himirce. Bíonn súil ag Íosa Críost go n-aithneoidimid a aghaidh i measc na n-imirceach agus na dteifeach, na daoine gan seilbh, i measc na ndeoraithe. Iarrann sé orainn maoin

an tsaoil a roinnt leo, acmhainní agus iarmhais chomh maith. Labhair an Pápa Pól VI faoin ábhar seo nuair a dúirt sé gur cheart do na daoine atá go maith as, bheith flaithiúil agus cuid de mhaoin an tsaoil a chur i leataobh le cabhrú leis an aicme is boichte inár measc. (*Octogesima Adveniens*, 23).

Toisc go mairimid i saol ilchultúrtha an lae inniu, spreagtar san Eaglais sinn bheith tiomanta don dlúthpháirtíocht, don chomhpháirteachas, don tsoiscéalaíocht ar bhealaí úra. Cuireann an imirce dúshlán romhainn doimhneacht agus saibhreas a chur leis na luachanna a bhaineann le cómhhaireachtáil go síochánta i measc daoine agus cultúir éagsúla. Ní leor an rud é go mbeadh fulaingt áirithe ann don éagsúlacht agus do thraidisiúin agus slite maireachtála éagsúla. Caithfidh an Eaglais féachaint chuige go ndéantar gach bac gach eagla agus gach cosantacht a shárú, imeacht ón neamhaird agus ón imeallachas, agus dea-nósanna a bhunú a chothóidh an teagmháil, an dearcadh dearfach a chuideoidh le saol cóir ceart cairdiúil a chruthú.

(*Teachtaireacht ar Lá Domhanda na nImirceach agus na dTeifeach 2014*).

Bíonn an méid sin gluaiseachtaí imirce ar bun áfach, le nach bhféadfaí dul i ngleic leo ach amháin ar bhealach a chinnteodh go mbeadh comhoibriú beo córasach i measc eagrais Stáit agus idirnáisiúnta, le go bhféadfaí a bheith deimhin de go ndéileálfai go cumasach leo. Bíonn tionchar ar chách ag an imirce, ní hamháin toisc gur feiniméin forleathan atá ann, agus toisc go n-ardaítear ceisteanna sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha, creidimh, chomh maith, rudaí a chuireann dúshlán roimh na náisiúin agus roimh an bpobal idirnáisiúnta. (*Caritas in Veritate* 62).

Bíonn díospóireacht go rialta ann i measc an phobail idirnáisiúnta maidir leis na straitéisí, na bealaí oibre, na noirm a bheadh ag teastáil le déileáil le feiniméin na himirce. Tá eagrais agus gníomhaireachtaí ann go háitiúil, go náisiúnta, go hidirnáisiúnta a dhéanann gach iarracht bheith ag freastal ar na daoine a lorgaíonn saol úr trí dhul ar imirce. Cé go ndéantar iarracht fhiúntach anseo, tá gá le hiarracht níos láidre, níos bunúsaí a dhéanamh, a bheadh ag teacht i dtír ar an gcomhoibriú domhanda, a dhéanfadh dínit agus lárnacht an duine daonna a chaomhnú. Beidh tionchar níos éifeachtaí ag an gcur chuige idirnáisiúnta seo ar an troid in aghaidh na gáinneála coiriúla náireach seo a fhulaingíonn daoine áirithe, in aghaidh sárú ar bith ar chearta daonna, in aghaidh an fhoréigin, na sclábhaíochta, in aghaidh cos ar bolg. Caithfear an obair seo a chur i gcrích ar bhealach oscailte, muiníneach, comhoibritheach, cómhálartach, toisc nach féidir le tír ar bith aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí seo as a stuaim féin, feiniméin atá forleathan agus a tharlaíonn ar an uile ilchríoch, an imirce agus an inimirce seo, an teacht agus an t-imeacht seo.

(*Teachtaireacht ar Lá Domhanda na nImirceach agus na dTeifeach 2014*).

Is gá freagairt a thabhairt ar dhomhandú na himirce trí dhomhandú a dhéanamh ar an gcarthanacht agus ar an gcomhoibriú, ar bhealach daonnachtúil a chuirfidh le caighdeán maireachtála na n-imirceach. Caithfear díriú chomh maith ar chaighdeán mhaireachtála a ardú maidir leis na daoine nó na treibheanna sin a chuirtear ó bhaile de bharr cogaidh nó de bharr an ghorta. Caithfidh an dlúthpháirtíocht a léirímid i leith na n-imirceach agus na dteifeach dul láimh i láimh leis an gcrógacht agus an chruthaitheacht a bheadh uainn forleathnú a dhéanamh ar bhealach idirnáisiúnta ar an saol cothrom airgeadais, ar úsáid eacnamaíoch acmhainní, ar bhéim a chur ar an tsíocháin, rudaí a bheadh riachtanach le dul chun cinn fiúntach a dhéanamh.

A imircigh agus a theifigh! Bíonn áit ar leith agaibh i gcroí na hEaglaise, agus cuidíonn sibhse le fás a chur uirthi agus lena máithreachas i leith an chine dhaonna a chur in iúl. Ná cailligí misneach ná dóchas! Cuimhnigí ar an teaghlach Naofa agus iad ag teitheadh chun na hÉigipte. I gcroí mór na Maighdine Beannaithe, agus i gcroí caoin Naoimh Iósaf, bhí an dóchas iontu nach ndéanfadh Dia iad a thréigean riamh. Bíodh an dóchas láidir céanna sin i leith an Tiarna ionainne. Go mbeidh sibh faoina gcoimirce siúd i gcónaí. Bronnaim mo Bheannacht Aspalda go caoin oraibh.

Ón Vatacáin, 3 Meán Fómhair 2014.

Franciscus

*A Thiarna Dia,*

*Bí i bhfochair an imircigh agus an té a cuireadh as a sheilbh.  
Bí i bhfochair na ndaoine nach féidir leo dul i dteagmháil lena muintir.  
Bí i bhfochair an duine a lorgaíonn aghaidh cheanúil amháin os a chomhair.  
Bí i bhfochair an duine a shantaíonn an teagmháil ghrámhar.  
Bí i bhfochair an duine lag, gan dóchas, nach seasfaidh an fód.  
Bí i bhfochair an duine reoite, a lorgódh áit chluthar sa chlúid.  
Bí i bhfochair an duine a chodlaíonn ar thalamh chrua,  
agus a shantaíonn an leaba bhog.  
Bí i bhfochair an duine gan dídean.  
Bí i bhfochair an duine a lorgaíonn tearmann ó chogadh, ón ngráin.  
Bí i bhfochair an duine atá i bhfolach ón bhforéigean.  
Bí i bhfochair an duine a chailleann gach dóchas.*

*Bí i bhfochair na ndaoine atá faoi iallach an baile  
a fhágáil le saol slán feabhsaithe a lorg.  
Deonaigh go mbeidh aistear sábháilte agus fáilte is fiche rompu pé áit a dtéann siad.*

*Bí i bhfochair na ndaoine a rinneadh gáinneáil orthu.  
Deonaigh go mbuailfidh siad le daoine lán de chomhbhá a scaoilfidh ón daoirse iad,  
agus a bhronnfaidh saoirse agus dínit arís orthu.*

*Bí i bhfochair na ndaoine leochaileacha gan chairde,  
daoine óga ach go háirithe.  
Cumhdaigh iad ón té a bhainfeadh feidhm as an leochaileacht san.*

*Bí i bhfochair na ndaoine a scartar iad  
óna muintir de bharr an bháis.  
Bronn síocháin na bhflaitheas orthu,  
agus saol síoraí i do theannta orthu.*

*Bí liomsa inniu, agus i bhfochair mo mhuintir ionúin.  
Deonaigh go n-aithneoidimid tú féin i measc na ndaoine a bhuaileann linn,  
An duine gan dídean,  
I measc na n-easlán,  
I measc na ndaoine gátaracha,  
I measc strainséirí.  
Cabhraigh linn lámh chaoín chúnta a shíneadh i dtreo do mhuintire  
Ionas go dtógfar saol ceart cóir a mbeidh áit do chách ann.  
Déanaimid ár nguí in ainm Íosa Críost an Tiarna.*

*Amen.*







'Eagl

Council for  
Immigrants



Irish Episcopal Council for Emigrants

Domhnach Domhanda



ais gan Teorainn,  
Máthair Uilíoch'  
na n-Imirceach 2015





**Ceannaire:** A Thiarna Íosa: Tugann tú cuireadh dúinn inniu fáilte chroíúil a chur roimh na daoine sin a tháinig chun na hÉireann agus iad ag éalú ón mbochtaineacht, ón gcogadh, ón bhforéigean agus ón gcos ar bolg. Deonaigh go mbeidh meas mór againn orthu, dearcadh saor ón eagla nó ón amhras, a chabhróidh linn áit i measc an phobail a dhéanamh dóibh.

Don Phápa Proinsias, do Chomhairle Phontaifiúil na nImlirceach agus na dTeifeach, do na Cairdinéil agus do na hEaspaig, go stiúrfaidh siad sinn le dlúthpháirtíocht a dhéanamh leis na himircigh, leis na teifigh agus leis na daoine leochaileacha. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Do na daoine sin a d'fhág an baile de bharr foréigin, bochtaineacht nó caimiléireacht. Go nglacfar go caoin leo ar an aistear agus deonaigh go gcuirfear aíocht Chríostaí rompu. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Do na polaiteoirí agus do lucht an Dlí. Deonaigh go ndéanfaidh siad cúram de chearta agus de dhínit an té atá leochaileach sa tír seo, agus an dlí a chur i bhfeidhm ar a son. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Dár muintir ionúin atá thar lear i rith na Nollag seo, tabhair an neart dóibh gach dúshlán a shárú, agus breathnaigh go grámhar ar na daoine sin nach bhfuil i dteagmháil a thuilleadh lena muintir féin. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Do na himircigh agus na hinimircigh a bhaineann linn sa pharóiste seo, deonaigh go ndéanfar cúram ceart díobh, agus go mbronnfar gach tacaíocht agus cineáltas orthu i measc na hEaglaise agus i measc an phobail ina maireann siad. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Do na daoine atá bailithe le chéile anseo. Go gcuirfidh feabhas i ngníomh ar an saol, agus an dea-shampla a léiriú i gcónaí. Go seasfaimid in aghaidh an chiníochais, in aghaidh na biogóideachta, in aghaidh an idirdhealaithe, agus go léireoidh tuiscint, comhbhá agus fáilte i ngach aon cheann dár ngníomhartha. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

Do na daoine sin a fuair bás agus iad ag lorg saol úr dóibh féin, iadsan a fuair bás i bhfarraigí Lampedusa ach go háirithe. Go gcuirfidh an Tiarna fáilte is céad isteach ina theach féin rompu, agus gach aon sólás a bhronnadh ar a muintir. Guímid chun an Tiarna. **A Thiarna éist linn.**

**Conclúid:** A Thiarna Dia, cuirimid ár muinín ionat. Bí linn agus muid ag guí chugat, cabhraigh linn do thoil a chur i gcrích inár saol. Éist lenár nguí trí Chríost ár dTiarna. Amen.



Nuair a bhím ag smaoineamh ar imircigh Éireannacha i rith na Nollag, cuimhním ar mhí na Nollag na bliana 1847 nuair a tháinig long ón nGorta Mór i dtír i Halifax, san Albain Nua. Bhí an long seo inmhíolaithe le galar an chailir agus bhí tionchar marfach orthu san a raibh ar bord.

Rinne cuid de na daoine a tháinig slán, an Nollaig a cheiliúradh i séipéal beag Halifax agus cuireadh lear mór daoine sa reilig áitiúil. Thug mé féin cuairt ar an reilig na blianta fada ina dhiaidh sin agus d'aithin mé na crosa a cuireadh suas ag an am, agus ainmneacha na nÉireannach a fuair bás i rith na míosa sin. B'ócáid bhrónach chorraitheach í.

Chuir pobal Caitliceach na hAlban Nua fáilte rompu – tháinig biseach ar chuid de na marthanóirí agus rinneadh saoránaigh dhílse Cheanada astu. Caithfidh go ndeachaigh an fháilte a cuireadh rompu sa pharóiste beag cois cuain go mór i bhfeidhm orthu. Ní raibh teorainn ar bith leis an fhreastal a rinne an Mháthair-Eaglais orthu. Rinne Críostaithe bochta Halifax leigheas agus cóir a chur orthu díreach de réir spioraid an chéad Nollaig.

Rinne an pobal freastal go cumasach ar an ngá a bhain leo. Thuig siad go rímhaith na frásaí; 'Agus rinneadh feoil den Bhriathar agus chónaigh sé inár measc, (Eoin 1:14); 'Óir rugadh leanbh dúinn, tugadh mac dúinn; (Isea 9:5). Bhí long an Ghorta ar an mbealach chuig na Stáit Aontaithe, ach bhí orthu cur i dtír ó thuaidh de, de bharr an ghalair agus de bharr na ndaoine a fuair bás ar bord. Ní raibh súil ag muintir na hEaglaise i Halifax lena leithéid, ach chuir siad fáilte Uí Cheallaigh roimh na daoine bochta díghrádaithe seo.

Rinneadh macasamhlacha go leor den scéal seo ó thaobh imircigh Éireannacha chuig an Oileán Úr agus an taithí a bhain leis an eaglais áitiúil. Bhunaigh imircigh Éireannacha an Naoú hAois Déag, patrúin maidir le himeachtaí pobail san Oileán Úr. Cuireadh fáilte roimh dhaoine nua sna paróistí, agus ar uainíocht, chuir na daoine nua iad féin, fáilte roimh an chéad dream eile a tháinig i dtír.

Cén áit inar chuir na daoine seo fúthu? Bhí fáilte rompu i bparóistí i mBrooklyn, i mBostún, Brisbane, Cleveland agus Chicago. Ag Aifreann an Domhnaigh bhuail daoine leis na himircigh úra, d'éist siad le scéalta ó bhaile, bhailigh an post (sula raibh trácht ar uimhreacha OP), mhalartaigh seoltaí, roinneadar Corp Chríost lena chéile.

Is é an creideamh a chabhraigh leo bheith dlúth lena chéile. Bhain saibhreas áirithe leis na glúine a tháinig ina dhiaidh sin agus rinneadar aisíoc cuimsitheach ar an aire agus an spreagadh a bhronn an Mháthair Eaglais orthu. D'éirigh go maith sa saol leo, bhí ainm in airde orthu i measc polaiteoirí, lucht na hEaglaise, sa saol eacnamaí, agus de réir a chéile rinneadh daoine tábhachtacha astu a chabhraigh go mór le forleathnú phobal Dé.

Chabhraigh an dóchas a bhí go smior iontu leo sárú a dhéanamh ar chonstaicí a bhí rompu. Is féidir go dtarlóidh an rud céanna do ghlúin seo na déine, do na daoine atá ar imirce óna dtír féin de bharr chúlú eacnamaíochta an domhain, atá ag saothrú go dian i dtíortha thar lear. Bíonn an Eaglais mar mháthair dhílis ag taobhú leo i Nua Eabhrac, sa Nua-Shéalainn, New England, agus í ullamh aghaidh a thabhairt ar gach riachtanas a bhaineann leo, díreach mar a rinne muintir pharóiste beag Halifax i '47 an Bhróin. Níl teorainn ar bith leis an Spiorad!

**Gerry French SSC**

## LÁ DOMHANDA NA NIMIRCEACH IS NA DTEIFEACH, 18 Eanáir 2015 – NÓTAÍ AITHISC

Tá an domhandú go mór i réimeas sa lá atá inniu ann. Ní aon iontas é go dtagann na mílte duine chun na tíre seo ag iarraidh saol feabhsaithe a chruthú dóibh féin. Tá sé de dhualgas orainn mar Chríostaithe a thuiscint go bhfuil sé ceart agus cóir go mbeadh spriocanna dóchasacha dá leithéidí roimh na daoine seo don todhchaí. Ba mhaith leo maireachtáil ar bhealach síochánta, táirgiúil, bríoch. Caithimid machnamh a dhéanamh air seo, freagairt thuisceanach fháilteach a chur rompu.

Ag an am céanna ba cheart go mbeadh meas ag na hinimircigh ar an tír nua óstach seo, bheith buíoch as agus taitneamh a bhaint as an bhfáilte a chuirtear rompu. Bíonn sé de dhualgas orthu dul i lánpháirtíocht leis an tír óstach, meas a bheith acu ar an fhéiniúlacht náisiúnta agus ar an traidisiún.

Caithimid mar Chríostaithe, Eaglais gan teorainn a chruthú, feidhmiú mar mháthair don uile dhuine. Bíonn an claonadh ann dearcadh diúltach a léiriú i leith na n-inimircigh, agus gintear teannas dá bharr. D'fhéadfadh nach mbeadh meas againne ar a gcultúr siúd, ar an traidisiún nó ar na luachanna teaghlaigh a bhaineann leo. Seans nach dtuigimid na deacrachtaí a bhaineann le bheith mar inimircigh atá scoite amach óna mhuintir féin.

Is féidir go mbainfeadh an Eaglais in Éirinn an lae inniu an-tairbhe as fuinneamh, creideamh láidir, as ionchur na n-inimircigh seo. Nuair a ghlacann siad páirt ghníomhach i saol na hEaglaise trí bheith mar fhinnéithe ar lúcháir an tsoiscéil, cuireann siad go mór léi ar bhealach deimhneach.

Is bronntanas ó Neamh é go mbíonn comharsana nua againn, iad ag obair taobh linn, na hamhráin céanna á gcanadh againn, na mianta céanna ag baint linn. Is féidir leis an inimircigh an bráithreachas i measc daoine a láidriú. Buíochas le Dia go bhfuil Daoine ag Gluaiseacht inár measc.

*An tSiúr Julie Doran OLA*



## TUGAIMIS NA HIMIRCIGH CHUN CUIMHNE I RITH NA NOLLAG AGUS AR LÁ DOMHANDA NA N-IMIRCEACH IS NA DTEIFEACH

### Sa Pharóiste

Tabhair cuireadh do dhaoine ainmneacha na ndaoine atá gaolmhar leo agus atá ar imirce a thabhairt chun tosaigh le cur os comhair an phobail, agus cuireadh a thabhairt chomh maith do dhaoine atá nuathagtha chun na háite, ainmneacha na ndaoine a fágadh ina ndiaidh sa bhaile a thabhairt aníos. Is féidir na liostaí seo a fhágáil i sanctóir an tséipéil agus iad a bheith luaite i bpaidreacha an Aifrinn.

Bíodh léarscáil an domhain sa séipéal agaibh agus tabhair cuireadh do dhaoine pionnaí a ghreamú air, de réir na dtíortha as ar tháinig siad, nó áit ina bhfuil gaol tábhachtach leo ag maireachtáil.

Iarr orthu ainmneacha an mhuintir mhuirneach atá scartha uathu um Nollaig a scríobh i leabhar a bheidh ar taispeánt i sanctóir an tséipéil um Nollaig, ionas go gcuimhneofar orthu.

Déan caife na maidine a eagrú a thabharfaidh deis do dhaoine a fhulaingíonn ón imirce teacht le chéile le daoine nuathagtha chun an pharóiste, le cúrsaí a phlé agus taithí agus tae a roinnt.

Bíodh iomann agus paidreacha i dteangacha éagsúla an phobail in úsáid maidir le féilte na bliana a cheiliúradh, mar shampla, Lá Neamhspleáchais na Polainne (11 Samhain 2015) nó Lá 'le Pádraig (17 Márta 2015).

### Sa Bhaile

Cuir pictiúr frámaithe de bhaill teaghlaigh atá ar imirce in airde ar an matal nó ar sheif sa seomra suite sa bhaile. Cuir coinneal ar lasadh in aice leis an bpictiúr, agus bí cinnte faoi go mbíonn sí lasta i rith na Nollag.

Coimeád cuntas scríofa i rith na Nollag a dhéanfaidh cur síos ar an teaghlach agus ar na cuairteoirí a tháinig chun an tí, agus lig do na daoine seo ainm agus teachtaireacht a scríobh ann. I ndiaidh na Nollag, seol an dialann chuig duine de do mhuintir atá thar lear.

Coimeád i dteagmháil le do mhuintir mhuirneach atá thar lear chomh maith agus is féidir, ar an bhfón, ar ríomhphost nó ar Skype.

Bíodh coinneal lasta san fhuinneog thosaigh agaibh nuair a bhíonn sibh sa bhaile. Is nós seanbhunaithe Éireannach é seo an choinneal Nollag a lasadh agus paidir a rá ar son na ndaoine atá as láthair.

## SLÁINTE INTINNE AGUS IMIRCE

Nuair a théann daoine ar imirce chuig tíortha eile, bíonn ábhair éagsúla, pearsanta agus proifisiúnta, a spreagann iad lena leithéid a dhéanamh. Ní éasca an rud é cúl a thabhairt le baile, áit ina mbíonn fréamhacha curtha ag daoine, agus imeacht óna muintir agus óna gcairde féin.

Bímid fréamhaithe ag an mbaile ar bhealaí nach dtuigimid go hiomlán, boladh na talún tar éis bháisteach, bláthanna áitiúla nach bhfásann in áit ar bith eile, dathanna na spéire ar maidin nó sa tráthnóna, suíomh an tí, áiteanna ina gcuireann na comharsana fúthu, na siopaí áitiúla, áiteanna ina n-ithimid bia as baile, an grá is an ghruaim a léirítear i measc an teaghlaigh, bíonn tionchar nach beag ag na rudaí seo orainn nuair a bhímid as baile.

Is dúshlánach an rud é bheith ag smaoineamh ar dhul as baile agus bheith ag déileáil le daoine nua, le hobair éagsúil, le slí mhaireachtála úr, le teach a cheannach nó ceadúnas tiomána úr a fháil, le dul i dtaithí ar chórais nua, is buairt intinne do go leor daoine a leithéidí. Goilleann na mothúcháin a bhaineann le droim láimhe a thabhairt ar an sean, agus aghaidh a thabhairt ar an nua ar go leor daoine, agus cailltear codladh na hoíche dá bharr.

Conas a réitimid na mothúcháin seo faoin éagsúlacht le go bhféadfaimis fás agus forbairt a dhéanamh sa tír nua? Tá moltaí áirithe luaite thíos a chuideoidh le daoine cabhrú lena muintir thar lear an saol a réiteach dóibh féin, agus ba mhaith an rud é iad a chur i bhfeidhm maidir le hinimircigh chun na tíre agus chun an pharóiste chomh maith.

Caithimid smaoineamh freisin ar an mhuintir a fhágtar sa bhaile. Is mar seo a scríobh an tAthair Alan Hilliard, ball bhoird an IECE, in alt le déanaí i gcolún 'Generation Emigration' an *Irish Times*:

*Tá coincheap ann, maidir le 'dobróin na himirce' bheith ag teacht chun tosaigh i síceolaíocht na linne seo. Is ainm cliniciúil é seo ar an gcumha agus ar an uaigneas. De réir an choincheapa seo baineann cumha leis an dream a imíonn, an dream a fhágtar ina ndiaidh, agus an dream a fhilleann. Tugann na torthaí seo léargas dúinn ar an rud a thuigear cheana féin, ach go raibh sé deacair dúinn aghaidh a thabhairt air.*

*Sracann an imirce na teaghlaigh, an pobal, an tsochaí óna chéile. Meileann an imirce agus imeacht na hóige an tír ar fad. Is boichte sinn go sóisialta, go cultúrtha agus go heacnamaíoch toisc go gcailltear deiseanna don todhchaí de réir mar a imíonn daoine uainn.*

*Nuair a d'imigh muintir an Bhlascaoid Mhóir as baile don uair dheireanach sna caogaidí, dúradh nach bhféadfaí maireachtáil ann a thuilleadh toisc go raibh an óige imithe uathu. Ní fhéadfaí saol iomlán fiúntach a chaitheamh ann.*

*Luann an tuairisc Tilda [staidéar a rinne Coláiste na Tríonóide ar an aosú] rudaí nach mbíonn i mbéal an phobail go minic. Tuigeanann an pobal anois nach bhfuil sé as an mbealach a admháil go mbíonn daoine i ndiaidh a muintire atá as baile. Aithníonn an taighde eolaíoch go bhfuil tionchar diúltach go minic ar na daoine a imíonn as baile, agus orthu san a bhfágtar ina ndiaidh chomh maith. Aithnítear anois an caillteanas seo agus an tionchar suntasach damáisteach a bhaineann leis, cé gur deacair é a phlé, uaireanta. Is féidir a rá go bhfágtar bearna mhór nach líonfar choíche i measc an phobail a fhágtar ina ndiaidh, nuair a théann imircigh as baile le saol úr a chruthú dóibh féin.\**

\* [www.irishtimes.com/generationemigration](http://www.irishtimes.com/generationemigration) (24 Samhain 2014). Díríonn an colún 'Generation Emigration', colún buan an *Irish Times* ar líne ar ábhar a bhaineann le himircigh Éireannacha.

---

### 1) Is dá thrían tionnsgnadh – Dhá thrían den obair: í a thosú

Tugann an seanfhocal Éireannach seo le fios go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le tosach maith a chur roimh aistear, agus is fíor go mór é nuair a bhíonn duine ag smaoineamh ar athlonnú a dhéanamh i dtír nua. Bíonn go leor deacrachtaí ag daoine áirithe i dtosach báire mura ndéanann siad taighde cuimsitheach ar an áit ina gcuirfidís fúthu ann. Maolófar ar an strus a bhaineann le bheith ag dul ar imirce, má bhíonn a fhios ag duine cé chomh héasca agus a bheidh sé teacht ar phost nó ar lóistín i dtír nó i gcathair áirithe thar lear. Ní thuigtear go minic cé chomh hard agus a bheidh cíosa, ní bhíonn go leor airgid mhaireachtála sábháilte ag daoine le go bhfaighidh siad an chéad phá. Cabhraíonn pleanáil chuí agus tuiscint ar an ród a bheadh rompu go mór le daoine an t-athrú a chur díobh gan an iomarca bhrú.

---

### 2) Cuimhnigh ar na fáthanna a bhain leis an athlonnú

Má bhíonn amhras ann, ba cheart do dhaoine smaoineamh ar na fáthanna a bhain le hathlonnú, agus leis na spriocanna a bhí rompu. Tá gach baol ann go mbeidh siad ag impí ar Dhia a mhíniú dóibh na fáthanna a bhain leis an athlonnú. Má bhíonn duine gan charr agus an córas iompair fadálach, nuair nach féidir cos a chur taobh amuigh den doras de bharr na drochaimsire, nuair a thagann an troscán chugat ar athláimh, nuair a bhíonn deacrachtaí ag páistí socrú síos i scoil nua, nuair is duine den mhionlach ag obair tú (de bharr teanga, canúint, eitneacht, cine, gnéas, creideamh agus araile) agus mura mbíonn clann ná cara agat a bhéarfadh barróg ort, sin an uair uaigneach a bheidh amhras an iomláin ort. Ag an bpointe seo, meabhraigh duit féin na fáthanna agus na spriocanna a bhain leis an gcinneadh a rinne tú, abair amach os ard iad má chabhraíonn sin leat.

---

### 3) Bí i dteagmháil le do mhuintir agus le do chairde agus sa bhaile

Cé gur riachtanach an rud é cairde úra a dhéanamh le cabhrú le daoine fréamhacha a chur i dtír nua, ionas go mbeidh an saol sona agus aoibhinn ann, is cinnte chomh maith gur gá bheith i dteagmháil go rialta leis an mhuintir agus le cairde sa bhaile. Cothaíonn an dá dhream an spiorad, ar bhealaí éagsúla. Cothaíonn an gaol grámhar a nascann le cairde agus le gaolta sa bhaile muid, agus tugann le fios dúinn go bhfuil comhlúadar dílis ag tacú linn, nach bhfuilimid linn féin i dtimpeallacht úr, éagsúil. Bheith ag cur glaonna, bheith ar Facebook, Skype, ag cur téacsanna: cabhraíonn na bealaí úra teicneolaíochta sin linn bheith ina bhfochair. Is cinnte go gcuirfidh rudaí áirithe isteach ar dhaoine, bainis, póstaí, ceiliúrtha breithe a chailliúint, gan bheith i dteagmháil leis an mhuintir atá ag dul in aois, is cúis bhróin do dhaoine a leithéidí, ach bíonn sólas le baint as bheith i dteagmháil go minic lenár muintir. Is fusa dá bharr cúnamh a lorg ó dhaoine, má bhíonn gá leis. Is áit chúng í domhan na linne seo, agus ba cheart go dtuigfimis an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh lenár muintir, is cuma an mbíonn dea-scéal nó drochscéal againn.

---

### 4) Glac leis an gcomhlúadar nua, agus cuir aithne air

Bígí ag cur aithne ar an tír nua sula dtagann sibh i dtír, an stáit, an chathair, an dúiche ina gcuirfidh sibh fúthu ann. Má bhíonn clann oraibh, déan fiosrú faoi na scoileanna atá sa timpeallacht. Déan taighde ar líne, cuir ceist ar chairde más féidir, maidir le lóistín a fháil ar cíós. Bíodh ullmhúcháin fiúntach déanta agaibh maidir le dul chun cónaithe in áit úr éagsúil. Má bhíonn an t-eolas agaibh, cuirfidh sé le bhur gcompord sa timpeallacht sin. Chomh luath agus a chuireann sibh fúibh, bailigh eolas, buail le daoine, fiosraigh an córas maireachtála, an córas iompair, bí ag freastal ar chruinnithe an pharóiste le haithne a chur air agus ar dhaoine a bhaineann leis. Ní grúpa aonchineálach a bhaineann le paróiste, ach pobal beo, bríomhar, fáilteach, ilchultúrtha an chreidimh. Is féidir leis an duine a bheadh ag lorg bheith istigh leo, tearmann sábháilte a fháil ina measc.



### Lámha Imirceach

**Imirceach.** Tabhair dom do láimh.  
Deirtear nach bhfuil fáilte romhat anseo,  
Nach í seo do thírse.  
Creidim gur leatsa í  
Bíonn tú ag saothrú go dian inti.

**Oibrí thar lear.** Tabhair dom do láimh.  
Lámh leath fholamh atá inti, tuilleann tú leath den mhéid a thuillimse.  
Tuigimse nach cothrom é seo.  
Tá an tuirse chéanna ortsa is atá ormsa.  
Braithim i do lámha é.

**Oibrí tíis.** Tabhair dom do láimh.  
Is tusa a choimeádann obair an tí faoi lánseol  
Mo mhuintir a bhíonn compordach dá bharr.  
Cén fáth go mbeadh drochmheas agam ort,  
Nach mbeireann tusa greim láimhe ar mo pháiste?



**Inimirceach neamhdhleathach.** Tabhair dom do láimh.  
Tháinig tú anseo gan chuireadh  
D'fhan tú i do thost le do bheatha a shábháil.  
Anois cuirtear abhaile tú  
Ach tiocfaidh an lá agus sínfear lámh  
Trasna teorainn chugat.

**Duine ag gluaiseacht.** Tabhair dom do láimh.  
Tá cuma éagsúil ort, teanga éagsúil agat.  
Toisc nár dhruid mise riamh  
Ní thuigim treo an aistir a dhéanann tú.  
Táim buíoch díot gur léirigh tú dom  
Gurb é dath chraiceann Dé  
Dath ár lámha féin.

*G. Battistella, Ionad Imirce Scalabrini*

